Lacha ar an Fheirm

Oscail an cur i láthair a bhfuil Lacha ar an Fheirm mar theideal air. Amharc ar an taispeántas sleamhnán.

Déan machnamh ar an scéal Lacha ar an Fheirm agus pleanáil an dóigh leis na sleamhnáin a athrú le do scéal féin a dhéanamh.

Cruthaigh comhrá do na carachtair trí rudaí a chlóscríobh sna bolgáin chainte nó cuir bolgáin chainte isteach/bain bolgáin chainte amach de réir mar atá siad de dhíth do do scéal. Roghnaigh dath líonta do na bolgáin chainte.

Taifead do ghuth nó cuir isteach roinnt fuaimeanna ainmhithe áit ar bith is mian leat leis an scéal a fheabhsú.

Roghnaigh trasdul do do chur i láthair.

Taispeáin do chur i láthair don rang. Iarr cuidiú ar do mhúinteoir más gá.

Iarr barúlacha do chairde ar do chuid oibre.

Sábháil do chur i láthair cibé áit a n-insíonn do mhúinteoir duit é a shábháil, nó aimsigh an fillteán poiblí agus sábháil ansin é ionas go bhfeicfidh ranganna eile é.